# Cruthanna 2T & 3T

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>Sonraí – sórtáil<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br><br>Réasúnaíocht – rudaí a rangú in aicmí loighciúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga bainteach le cruth 2T agus 3T, m.sh., coirnéil, aghaidh, taobhanna, rinn, faobhair, critéar, critéir, Léaráid Venn, Léaráid Carroll, crann cinnteoireachta, sórtáil, airíonna |
| **Áiseanna** | bloic thréithe, cruthanna 2T & 3T, fonsaí sórtála, Léaráidí Carroll agus Venn lannaithe |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seo forbairt ar réamheolas agus ar réamhthaithí de Léaráidí Carroll agus Venn, agus de chrainn chinnteoireachta. Athbhreithnigh ainmneacha agus airíonna na gcruthanna 2T agus 3T agus na critéir dhifriúla chun iad a shórtáil. Pléigh na léaráidí difriúla atá in úsáid chun sórtáil a dhéanamh agus na slite éagsúla ar úsáideadh iad.

### 1 Gníomhaíocht 1

Sórtálann na daltaí cruthanna 2T le Léaráidí Venn nó Carroll nó le crann cinnteoireachta. Pléann siad na cruthanna agus an fáth ar shórtáil siad iad ar an gcaoi seo. Mar shampla, iad siúd a bhfuil slios curtha orthu agus iad siúd nach bhfuil. Tabhair isteach an dara critéar sórtála. Mar shampla, dath, ionas gur féidir le daltaí cruthanna a bhfuil taobhanna cuartha orthu agus atá dearg a shórtáil. Ansin, smaoiníonn daltaí ar a gcuid critéar féin chun na cruthanna a shórtáil agus roghnaíonn siad a léaráid féin ón Uirlis Sórtála Mol Mata, más mian leo.

### 2 Gníomhaíocht 2

Sórtálann na daltaí cruthanna 3T agus Léaráid Carroll nó Venn nó crann cinnteoireachta in úsáid acu. Pléann siad na cruthanna agus an fáth ar shórtáil siad ar an gcaoi seo. Mar shampla, iad siúd a bhfuil aghaidh chuartha orthu agus iad siúd nach bhfuil. Tabhair isteach an dara critéar sórtála. Mar shampla, cruthanna a bhfuil rinn orthu. Ansin, smaoiníonn daltaí ar a gcuid critéar féin chun na cruthanna a shórtáil agus roghnaíonn siad a léaráid féin ón Uirlis Sórtála Mol Mata, más mian leo.

### 3 Gníomhaíocht 3

Sórtálann daltaí réimse dá gcruthanna féin, 2T agus 3T san áireamh. Ansin, socraíonn siad ar a gcuid critéar féin chun na cruthanna a shórtáil agus a léiriú ar léaráid dá rogha féin. Pléann siad an tslí ar shórtáil siad a gcruthanna le comhscoláire nó cuireann siad seo i láthair don chuid eile den rang. (Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt)

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad taobh atá ar …?<br>• Cé mhéad faobhar atá ar…?<br>• An féidir an cruth seo a rolladh?<br>• Cén cruth a bhfuil an líon is lú reann/ faobhar/aghaidheanna air? | • Déan cur síos ar an slí ar féidir leat na cruthanna seo a shórtáil.<br>• Cén fáth ar shórtáil tú do chruthanna ar an tslí seo?<br>• Cad a d'fhoghlaim tú faoi chruthanna?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na critéir shórtála seo?<br>• An critéir shórtála chuí é ______? Cén fáth a síleann tú sin? (critéar nach bhfuil oiriúnach cruthanna a shórtáil) |

## Difreáil

Socraigh líon na gcruthanna agus/nó critéir shórtála de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.